Polasaí Obairbhaile

Baineann an polasaí le

Scoláirí, príomhoide, múinteoirí, foireann tacaíochta na scoile agus tuismitheoirí na scoile.

Ráiteas Tosaigh

Tá obair bhaile mar chuid lárnach d'oideachas gach páiste sa scoil. Nascann sé an scoil agus an baile le chéile i mbealach fhoirmiúil. Léiríonn sé céard go díreach atá á dhéanamh ag na páistí sna hábhair éagsúla. Tá súil ag Bord Bainistíochta na scoile go mbeidh an polasaí obair bhaile cabhrach do thuismitheoirí , múinteoirí agus páistí na scoile.

Cúis

- Creidimid i Scoil Éinne gur gné thábhachtach d'oideachas an dalta an obair bhaile.
- Is mian linn eolas a chur ar fáil do na comhpháirtithe in oideachas na bpáistí faoi pholasaí na scoile i leith gach gné den obair bhaile.
- Chun cumarsáid dearfach baile/scoile a chur chun cinn.
- Chun leanúnachas oibre a chinntiú ionas go mbeidh an fhorbairt is fearr á dhéanamh ag páistí na scoile.
- Buanú a dhéanamh ar a bhfuil foghlamta ag an bpáiste sa scoil.
- An nasc idir scoil agus baile a dhaingniú.
- Chun obair scoile a threisiú agus chun páistí a chur ag obair as a stuaim féin
- Forbairt a dhéanamh ar scileanna foghlama an pháiste.
- Cur chuige comhchosúil a chur chun cinn maidir le hobair bhaile na ranganna uile.

Aidhmeanna

- Go mbeidh tuiscint iomlán ag an scoláire ar obair an lae.
- Go mbeidh sé de chleachtadh ag na páistí dul siar a dhéanamh ar obair an lae.
- Go mbeidh taithí acu ar cheisteanna a fhreagairt.
- Breis eolais a aimsiú.
- Chun scileanna taighde a fhorbairt i bpáistí .
- Scileanna staidéir a fhorbairt chun cabhrú le nósanna cuí a thabhairt do pháistí agus iad ag gabháil don obair bhaile.
- Go mbeidh aiseolas ag páiste/tuismitheoir ón múinteoir ar chaighdeán na foghlamtha.

Ábhar

Cuirtear béim ar obairbhaile sa scoil mar chuid de fhorbairt oideachasúil an pháiste.
Is ionann obair bhaile agus aon obair scríofa, foghlama nó taighde a thugann an múinteoir le déanamh taobh amuigh d'am scoile.

- Caithfidh gach páiste ó Rang a 1 go dtí Rang a 6 dialann oifigiúil obair bhaile a bheith aige/aici, áit a gcaithfidh siad sonraí obairbhaile a scríobh go laethúil.
- Ba chóir do thuismitheoirí a chinntiú go bhfuil an obairbhaile déanta gach oíche agus an dialann a shíniú.
- Mura mbíonn an obair bhaile déanta is gá nóta a bheith sa dialann sínithe ag tuismitheoir/caomhnóir.
- Má tá páiste gafa le himeachtaí eischuraclaim tá sé de dhualgas orthu an obairbhaile a dhéanamh.
- Cuirtear an obair bhaile in oiriúnt do dhaltaí le deacrachtaí foghlama.

- Déantar idirdhealú ar na páistí ag brath ar chumas an pháiste.
- Tógtar san áireamh go dtugtar obair bhaile tacaíocht foghlama do na páistí le riachtanais speisialta.
- Cuirtear stíleanna foghlamtha il-éirime san áireamh agus obair bhaile á thabhairt do pháistí nuair is gá .
- Feictear an obair bhaile mar threisiú ar an obair a dhéantar sa seomra ranga.
- Déantar an obair bhaile a mhíniú go soiléir do na daltaí roimh ré.
- Tugtar am i rith an lae obair bhaile a bhreacadh síos.
- Bíonn obair bhaile ag na páistí de ghnáth ó Luan go Déardaoin. Ní bhíonn aon obair bhaile eisithe ar an Aoine ach i gcásanna eisceachtúla nuair nach féidir leis an ngasúr an obair a dhéanamh i rith na seachtaine.
- Uaireanta bíonn obair bhaile ar an deireadh seachtaine nuair nach mbíonn dualgais obair bhaile na seachtaine comhlíonta ag an ngasúr.
- Scaoiltear páistí saor ó obair bhaile nó cuid de uaireanta ar ócaidí speisialta nó mar aitheantas do shár-iarrachtaí.
- Uaireanta tugann an múinteoir breis obair bhaile muna bhfuil an gasúr ag déanamh a dhóthain/ dóthain.
- Beifear ag súil go ndéanfaidh gach páiste a dhícheall i gcónaí ar scoil agus i leith an obair bhaile ón scoil.
- Moltar iarracht chomh maith le ghnóthachtáil le réalta ,nótaí , cártaí molta agus rl.

Monatóireacht ar an obair bhaile.

- Ba chóir don mhúinteoir an obair bhaile a cheartú gach lá, ach muna bhfuil cás eisceachtúil ann.
- Is féidir le gasúir sna h-ard ranganna an obair bhaile a cheartú iad féin faoi threoir an mhúinteora.
- Tugtar aitheantas d'iarracht chomh maith le ghnóthachtáil.
- Déantar teagmháil le tuismitheoir /caomhnóir i dtaobh dhaltaí a dteipeann orthu, ar bhonn rialta, obair bhaile a dhéanamh nó a fhágann sa mbaile í.

Obair Bhaile do Pháistí atá as láthair/

- Má éileann tuismitheoir /caomhnóir obair bhaile don pháiste atá as láthair de bharr tinnis;
- Má tá an páiste as láthair de bharr tinnis déanfaidh an múinteoir ranga iarracht obair a chur ar fáil chun a chinntiú nach dtitfidh an páiste taobh thiar mar gheall ar an asláithreacht.
- Má tá an páiste as láthair le dul ar laethanta saoire tabharfar an chomhairle go mba cheart go leanfadh an páiste ag léamh.
- Sé polasaí na scoile go mbeadh gach páiste ag freastal ar an scoil gach lá chun deis foghlamtha cothrom a fháil.

Ábhar ; Déantar iarracht cothromaíocht a thabhairt don léitheoireacht, foghlaim agus obair scríofa. Tá an léitheoireacht agus foghlaim/obair ó bhéal chomh tábhachtach le h-obair scríofa. Seo a leanas na cleachtaí a bhíonn mar chuid den obair bhaile de ghnáth: matamaitic , léitheoireacht, litriú , táblaí, obair scríofa, obair ó bhéal, líníocht/dathú, ag bailiú eolais agus obair scoile le críochnú.

Treoir Ama

Anseo thíos tugtar treoir faoin méid ama go mba chóir don pháiste meánach a chaitheamh ag déanamh a obair bhaile. Glactar leis go mbeidh an t-am seo saor ón teilifís nó aon chur isteach eile. Moltar go gcaithfeadh tuismitheoirí 10 nóiméad eile le páistí Naíonáin Shóisearacha agus Naíonáin Shinsearacha ag dul siar ar léitheoireacht , foghraíocht agus ábhair eile.

- Naíonáin Shóisireacha: 10-20 nóiméad
- Naíonáin Shinsireacha: 10- 20 nóiméad
- Rang 1: 30-45 nóiméad
- Rang 2: 30-45 nóimead
- Rang 3: 40-50 nóiméad
- Rang 4: 40-50 nóiméad
- Rang 5: 40-60 nóiméad
- Rang 6: 40-60 nóiméad

Is féidir le tuismitheoirí /caomhnóirí cabhrú leis na gasúir trí,

- ionad fheiliúnach a chur ar fáil dóibh.
- Cinntiú go bhfuil an t- ionad sin saor ón teilifís/ raidió.
- A chinntiú go mbíonn an obair bhaile nó iarracht chuí déanta ag na daltaí agus an leabhar nótaí sínithe ag tuismitheoir/ caomhnóir gach oíche.
- Ba cheart béim a chur ar tháblaí agus litriú, agus ar an léitheoireacht ag gach aoisghrúpa agus an t-ábhar a phlé leo chun a dtuiscint a dhaingniú.
- Ba chóir go mbeadh na gasúir in ann an obair bhaile a dhéanamh iad féin muna bhfuil fadhb mhór ach le coincheap éigin. Má tharlaíonn sé seo ba chóir don tuismitheoir cabhair a thabhairt nó nóta a sheoladh chuig an scoil chun an deacracht a mhíniú.
- Tá sé tábhachtach modhanna múinte matamatice na scoile a leanúint. Muna bhfuil sé soiléir óna leabhair is féidir ceist a chur ar an múinteoir sampla a sholáthar.
- Cruinneas na Gaeilge a fhorbairt.

Cur i bhfeidhm agus monatóireacht

- Múinteoirí go laethúil mar gnáthchuid dá gcuid cuaraimí teagaisc.
- Déanfar plé ar chaighdeán an obairbhaile ag cruinniú múinteoirí/tuismitheoirí.
- Déanfaidh múinteoir taifead ar mheasúnú an obairbhaile.
- Déanfar tagairt do chaighdeán an obairbhaile ar thuairisc scríofa a chuirtear abhaile, ag deireadh gach scoilbhliain.

Daingniú agus Cumarsáid

Dhaingnigh an Bord Bainistíochta an polasaí go hoifigiúil ag cruinniú Mí Márta 2015. Cuirfear pobal na scoile ar an eolas faoi ábhar an pholasaí seo ag an gcruinniú do thuistí nua gach bliain agus beidh sé ar fáil ar shuíomh greasáin na scoile.